An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**EUCO 13/20**

**CO EUR 10**
**CONCL 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (1 agus 2 Deireadh Fómhair 2020)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. COVID-19

1. Bhí plé cuimsitheach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcaoi ar láimhseáladh paindéim COVID-19. Tá rún daingean aici seasamh le chéile sa chruachás seo, agus iarrann sí ar an gComhairle, mar aon leis an gCoimisiún, dlús breise a chur leis an iarracht chomhordúcháin fhoriomlán agus leis an obair chun vacsaín a fhorbairt agus a dháileadh ar leibhéal an Aontais. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo go tráthrialta.

## II. AN MARGADH AONAIR, AN BEARTAS TIONSCLAÍOCH AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

2. Fágfaidh paindéim COVID-19 a lorg go lá is faide anonn ar gheilleagar na hEorpa agus na cruinne. Tá buanna agus spleáchais na hEorpa araon tugtha chun suntais ag an bpaindéim sin. Is riachtanaí anois ná riamh bonn láidir eacnamaíoch má tá an fás cuimsitheach inbhuanaithe, an t-iomaíochas, poist, agus rathúnas – agus ról ag an Eoraip ar chlár na cruinne – le bheith ann.

3. I mí Iúil, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le pacáiste téarnaimh dífhasaigh chun lorg COVID-19 ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí a ghleic agus biseach mór don Eoraip agus claochlú agus athchóiriú na ngeilleagar a chur chun cinn. Dhá cholún, agus iad ag treisiú a chéile, a bheidh sa téarnamh sin: an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach, mar aon le Margadh Aonair atá láidir domhain; cothóidh siad cineálacha nua fáis, cuirfidh siad an comhtháthú agus an cóineasú chun cinn, agus neartóidh siad athléimneacht an Aontais. Tá sé ina phríomhchuspóir ag an Aontas an uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte a chaomhnú san am céanna.

***An Margadh Aonair agus an beartas tionsclaíoch***

4. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir nach mór filleadh ar ghnáthfheidhmiú an Mhargaidh Aonair a luaithe is féidir. Ach ní leor sin: foghlaimeoimid ceachtanna ó ghéarchéim COVID-19, tabharfaimid aghaidh ar a bhfuil fágtha den ilroinnt, de bhacainní agus de laigí, agus fuillfimid ár n-uaillmhian. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 maidir le Margadh Aonair arna dhoimhniú ar mhaithe le téarnamh láidir agus Eoraip iomaíoch, inbhuanaithe agus iarrann sí go sonrach go ndéanfaí an méid seo a leanas:

- go gcuirfí chun feidhme agus go bhforfheidhmeofaí go docht rialacha an Mhargaidh Aonair, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le Forfheidhmiú an Mhargaidh Aonair;

- go mbainfí a bhfuil fágtha de bhacainní gan údar, go háirithe i réimse na seirbhísí, agus go staonfaí ó bhacainní nua a chruthú;

- go ndéanfaí nuachóiriú ar chreat iomaíochta na hEorpa lena áirithiú go rachaidh sé i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas, leis an gclaochlú digiteach, agus leis an gcomhthéacs domhanda atá ag síorathrú ó lá go lá. Ní mór go mbeadh rialacha soiléire sa chreat sin d'oibreoirí eacnamaíocha agus go dtacódh sé leis an nuálaíocht, lena n-áirítear an nuálaíocht san earnáil dhigiteach. Ba cheart a fhiosrú an bhféadfaí rialacha a ghlacadh maidir le ról sistéamach agus freagrachtaí sistéamacha na n-ardán ar líne sin a mbíonn éifeachtaí suntasacha acu ar an líonra. Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an toradh a bheidh ar athbhreithniú leanúnach an Choimisiúin ar na rialacha iomaíochta; in 2021 atá súil leis na chéad torthaí. Ní mór lorg an domhandaithe agus teacht chun cinn an gheilleagair dhigitigh a chur san áireamh sa chomhthéacs sin;

- múnlú an chórais nua don rialachas eacnamaíoch domhanda, bunaithe ar chlár oibre uaillmhianach cothromaithe saorthrádála a mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina chroílár, agus sinn féin a chosaint san am céanna ó chleachtais mhíchothroma mhí-úsáideacha agus an chómhalartacht a áirithiú. Ba cheart an Rialachán Forfheidhmiúcháin a uasghrádú, dlús a chur leis an obair ar an togra maidir leis an Ionstraim um Sholáthar Idirnáisiúnta, agus ionstraimí breise a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saofa a fhágann fóirdheontais eachtracha ar an Margadh Aonair;

- infheistiú san oideachas, san oiliúint agus in úsáid éifeachtach scileanna d'fhonn cur le líon na bpost a choinnítear agus a chruthaítear, tacú leis an rathúnas eacnamaíoch agus sóisialta, agus na beartais cosanta sóisialta riachtanacha a chur chun feidhme i gcomhréir leis na Conarthaí.

5. Ní mór don Aontas beartas tionsclaíoch Eorpach níos uaillmhianaí a shaothrú chun go mbeidh an earnáil thionsclaíoch níos inbhuanaithe, níos glaise, níos iomaíche ar an leibhéal domhanda, agus níos athléimní. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún spleáchais straitéiseacha a shainaithint, go háirithe sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire, i réimse na sláinte mar shampla, agus bearta a mholadh chun líon na spleáchas sin a laghdú, lena n-áirítear trí na slabhraí táirgeachta agus soláthair a éagsúlú, stoc-charnadh straitéiseach a áirithiú agus táirgeadh agus infheistíocht san Eoraip a chothú. Iarrann sí:

- go n-áiritheofaí go mbeidh cothrom na Féinne ag cách, agus creat rialála agus státchabhrach ann a chuideoidh leis an nuálaíocht agus a éascóidh rannpháirtíocht iomlán FBManna;
- go bhforbrófaí comhghuaillíochtaí tionsclaíocha nua, lena n-áirítear comhghuaillíochtaí maidir le hamhábhair, trealamh leighis, micreaphróiseálaithe, líonraí slána teileachumarsáide, tionscail ísealcharbóin, agus Néalta agus Cláir Thionsclaíocha;
- go gcuirfí dlús leis an gcúnamh a thugtar do Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne atá ann cheana i ndáil le Ceallraí agus micrileictreonaic, agus dóibh siúd atá á bhforbairt ag na Ballstáit agus ag lucht tionscail faoi chuimsiú na gcomhaontas éagsúil (amhail Comhaontas Idirlíon na Rudaí Nithiúla, an Chomhghuaillíocht Hidrigine Glaine) chun clistí margaidh a shárú agus an nuálaíocht cheannródaíoch a chumasú. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne a fhorbairt. Anuas air sin, iarrann sí go ndéanfaí sineirgí a neartú a thuilleadh idir an úsáid a bhaintear as cistí ón Aontas agus as cistí náisiúnta a mhéid a bhaineann leis na príomhthionscadail theicneolaíocha, agus trédhearcacht agus rannpháirtíocht oscailte FBManna á n-áirithiú ag an am céanna;
- forbairt a dhéanamh ar neamhspleáchas an Aontais in earnáil an spáis agus ar bhonn tionsclaíoch cosanta níos comhtháite.

***Cúrsaí digiteacha***

6. I ngeall ar phaindéim COVID-19, léiríodh arís a riachtanaí atá sé dlús a chur leis an aistriú digiteach san Eoraip. Is den ríthábhacht go dtapófaí na deiseanna a ghabhann leis an aistriú sin chun gur féidir ár mbonn eacnamaíoch a neartú, ár gceannasacht theicneolaíoch a áirithiú, ár n-iomaíochas domhanda a threisiú, an t-aistriú glas a éascú, poist a chruthú, agus saol na saoránach a fheabhsú. Ach Margadh Aonair digiteach a chur ar bun, beidh againn creat dár gcuid féin a chuirfidh ar chumas cuideachtaí Eorpacha fás agus méadú.

Tá an Chomhairle Eorpach ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha faoi dheireadh na bliana seo agus iarrann sí ar an gCoimisiún Compás Digiteach cuimsitheach a thíolacadh faoi mhí an Mhárta 2021 ina leagfar amach uaillmhianta nithiúla digiteacha an Aontais do 2030. Ba cheart córas faireacháin a bhunú faoin gcompás sin d'acmhainneachtaí agus do chumais dhigiteacha straitéiseacha na hEorpa, agus na modhanna agus na príomh-gharspriocanna trína ndéanfar ár n-uaillmhianta a ghnóthú a leagan amach ann.

7. Chun go mbeidh ceannasacht dhigiteach aige, ní mór don Aontas Margadh Aonair a chruthú a bheidh digiteach go hiarbhír, a chumas a neartú i ndáil lena rialacha féin a shainiú, le roghanna teicneolaíocha uathrialacha a dhéanamh, agus le hacmhainneachtaí agus bonneagar digiteacha straitéiseacha a fhorbairt agus a chur in úsáid. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, déanfaidh an tAontas a chuid uirlisí agus cumhachtaí rialála a ghiaráil chun cabhrú le rialacha agus caighdeáin dhomhanda a mhúnlú. Beidh an tAontas oscailte i gcónaí do gach cuideachta a chomhlíonann rialacha agus caighdeáin Eorpacha. Ní mór don fhorbairt dhigiteach ár luachanna, ár gcearta bunúsacha agus ár slándáil a chosaint agus an chothromaíocht shóisialta a bhaint amach. Le cur chuige duinelárnach den chineál sin, méadófar tarraingteacht na samhla Eorpaí.

8. Cuirfear 20 %, ar a laghad, de chistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar fáil don aistriú digiteach, lena n-áirítear FBManna. I dteannta leis na suimeanna a bheidh le fáil faoi CAI, ba cheart go gcuideodh na cistí sin le leithéidí na gcuspóirí seo a leanas a chur chun cinn:

- forbairt Eorpach na chéad ghlúine eile de theicneolaíochtaí digiteacha a chothú, lena n-áirítear sár-ríomhairí agus ríomhaireacht chandamach, blocshlabhra agus Intleacht Shaorga dhuinelárnach;
- acmhainneachtaí a fhorbairt i slabhraí luacha digiteacha straitéiseacha, go háirithe micreaphróiseálaithe;
- dlús a chur le cur in úsáid bonneagar líonra an-ardacmhainne, slán – lena n-áirítear snáithín agus 5G – ar fud an Aontais Eorpaigh;
- feabhas a chur ar chumas an Aontais é féin a chosaint ar chibearbhagairtí, foráil a dhéanamh do thimpeallacht shlán chumarsáide, go háirithe trí chriptiú candamach, agus rochtain ar shonraí a áirithiú chun críocha breithiúnacha agus forfheidhmithe an dlí;

- acmhainneacht iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha a mhúscailt chun na cuspóirí uaillmhianacha maidir leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide atá i bpacáiste mhí Iúil a bhaint amach;
- acmhainneachtaí digiteacha sna córais oideachais a uasghrádú.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an straitéis Eorpach le haghaidh sonraí, a thacaíonn le huaillmhianta digiteacha domhanda an Aontais fíorgheilleagar iomaíoch Eorpach sonraí a thógáil, agus luachanna Eorpacha, agus ardleibhéal slándála sonraí, cosanta sonraí agus príobháideachais á n-áirithiú san am céanna. Cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá ann sonraí ardcháilíochta a chur ar fáil ar bhealach níos fusa agus comhroinnt agus comhthiomsú níos fearr sonraí, chomh maith le hidir-inoibritheacht, a chur chun cinn agus a chumasú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur cruthaíodh spásanna coiteanna sonraí Eorpacha in earnálacha straitéiseacha, agus iarrann sí go háirithe ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do spás sonraí sláinte; ba cheart an spás sonraí sláinte sin a bheith curtha ar bun faoi dheireadh 2021.

10. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach mór seirbhísí néalríomhaireachta iontaofa, sábháilte agus slána a bhunú chun a áirithiú go bhféadfar sonraí Eorpacha a stóráil agus a phróiseáil san Eoraip, i gcomhréir le rialacha agus caighdeáin Eorpacha. Dá bhrí sin, is díol sásaimh di coincheap an bhonneagair néalríomhaireachta chónasctha de chuid an Aontais agus iarrann sí ar an gCoimisiún an obair sin a chur chun cinn go pras. Le hacmhainneacht néalríomhaireachta Eorpach níos mó agus creat idir-inoibritheachta cumhachtaithe, ba cheart a bheith in ann freisin réitigh dhigiteacha phoiblí agus phríobháideacha néalbhunaithe atá sábháilte agus slán a chur in úsáid, agus rochtain níos tapúla, níos éifeachtúla, níos áisiúla agus níos trédhearcaí ar sheirbhísí ríomh-rialtais a áirithiú.

11. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2020 maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú. Iarrann sí ar an Aontas agus ar na Ballstáit lánúsáid a bhaint as bosca uirlisí cibearshlándála 5G a glacadh an 29 Eanáir 2020, agus go háirithe na srianta ábhartha ar sholáthróirí ardriosca a chur i bhfeidhm i gcás príomhshócmhainní a shainítear a bheith criticiúil agus íogair i measúnuithe riosca comhordaithe an Aontais. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis nach mór soláthróirí féideartha 5G go léir a mheasúnú ar bhonn critéir choiteanna oibiachtúla.

12. Chun cur in úsáid tapa 5G ar fud an Aontais a áirithiú, tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit uile a bpleananna náisiúnta maidir le leathadh 5G a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi dheireadh na bliana seo, mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta 5G.

13. Ní mór don Aontas a bheith ina cheannródaí domhanda i bhforbairt na hintleachta saorga sláine iontaofa eiticiúla. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bealaí a mholadh le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha Eorpacha agus náisiúnta a mhéadú i dtaighde, nuálaíocht agus cur in úsáid na hintleachta saorga;
- comhordú níos fearr agus tuilleadh líonraí agus sineirgí a áirithiú idir lárionaid taighde Eorpacha bunaithe ar bharr feabhais;
- sainmhíniú soiléir, oibiachtúil a thabhairt ar chórais ardriosca intleachta saorga.

14. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí creat uile-Aontais don ríomh-shainaitheantas (e-ID) poiblí slán a fhorbairt, lena n-áirítear sínithe digiteacha idir-inoibritheacha, ionas go mbeidh smacht ag daoine ar a gcéannacht agus a sonraí ar líne agus chun rochtain ar sheirbhísí digiteacha poiblí, príobháideacha agus trasteorann a chumasú. Iarrann sí ar an gCoimisiún togra a chur i láthair le haghaidh tionscnamh 'Sainaitheantas Digiteach Eorpach' faoi lár na bliana 2021.

***Na chéad chéimeanna eile***

15. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na hábhair a bhaineann leis an Margadh Aonair, an beartas tionsclaíoch agus cúrsaí digiteacha ag an gcruinniú a bheidh aici i mí an Mhárta 2021. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sí measúnú freisin ar staid reatha na hoibre atá ar bun ar shaincheist thábhachtach an chánachais dhigitigh.

## III. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

***An Mheánmhuir Thoir***

16. Tá leas straitéiseach ag an Aontas i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir agus i gcaidreamh comhoibritheach, comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc. Is den deargriachtanas é gabháil don idirphlé de mheon macánta agus staonadh ó ghníomhaíochtaí aontaobhacha a thagann salach ar leasanna an Aontais agus a sháraíonn an dlí idirnáisiúnta agus cearta ceannasacha na mBallstát. Ní mór gach easaontas a réiteach trí idirphlé síochánta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a dlúthpháirtíocht iomlán leis an nGréig agus leis an gCipir agus ní mór a gceannasacht agus a gcearta ceannasacha a urramú.

17. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna a thug an Ghréig agus an Tuirc le déanaí chun muinín a chothú, agus is díol sásaimh dó freisin an fógra uathu go gcuirfidh siad tús arís leis na cainteanna díreacha taiscéalaíocha, darb aidhm dítheorannú a dhéanamh ar Scairbh Ilchríochach agus Limistéar Eacnamaíoch Eisiach an dá thír. Ní mór na hiarrachtaí sin a choinneáil ar bun agus a leathnú.

18. Ag an am céanna, cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir sáruithe ar chearta ceannasacha Phoblacht na Cipire; ní mór deireadh a chur leo sin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Tuirc staonadh ó ghníomhaíochtaí den chineál sin feasta, de shárú ar an dlí idirnáisiúnta. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur trí idirphlé agus caibidlíocht de mheon macánta, agus an dlí idirnáisiúnta á lánurramú, is ceart aghaidh a thabhairt ar dhítheorannú na Scairbhe Ilchríochaí agus an Limistéir Eacnamaíoch Eisíoch, agus iarrann sí ar an Tuirc glacadh leis an gcuireadh ón gCipir dul i mbun idirphlé chun na díospóidí muirí go léir atá idir an Tuirc agus an Chipir a réiteach.

19. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le hatosú pras na caibidlíochta, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, agus tá sí lántiomanta do réiteach cuimsitheach a fháil ar cheist na Cipire faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe agus de réir na rún ábhartha de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Rúin 550 agus 789, agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bunaíodh an tAontas. Tá sí ag dréim leis an méid céanna ón Tuirc. Tá an tAontas réidh le ról gníomhach a imirt sa tacaíocht a thabharfar don chaibidlíocht, nuair a chuirfear tús léi arís, lena n-áirítear trí ionadaí a cheapadh ar Mhisean Dea-Mhéin na Náisiún Aontaithe.

20. Ar choinníoll go gcoinnítear ar bun iarrachtaí cuiditheacha stop a chur le gníomhaíochtaí mídhleathacha a mhéid a bhaineann leis an nGréig agus leis an gCipir, tá comhaontaithe ag an gComhairle Eorpach clár oibre polaitiúil dearfach idir an tAontas agus an Tuirc a sheoladh agus béim ar leith ann ar nuachóiriú an Aontais Custaim, ar an éascú trádála, teagmhálacha duine le duine, idirphléití ardleibhéil, comhar leanúnach maidir le saincheisteanna imirce, i gcomhréir le Ráiteas 2016 ón Aontas agus ón Tuirc. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar a hUachtarán, i gcomhar le hUachtarán an Choimisiúin agus le tacaíocht ón Ardionadaí, togra a fhorbairt chun borradh a chur an athuair faoi chlár oibre an Aontais agus na Tuirce chun na críche sin.

21. Agus na conclúidí maidir leis an Tuirc dár dáta Deireadh Fómhair 2019, *inter alia*, á meabhrú agus á n-athdhearbhú di, i gcás ina dtarlóidh gníomhaíocht nó briogadh aontaobhach arís de shárú ar an dlí idirnáisiúnta, bainfidh an tAontas úsáid as gach ionstraim agus gach rogha dá bhfuil ar fáil dó, lena n-áirítear iad sin atá de réir Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE, chun leasanna an Aontais agus na mBallstát a chosaint.

Leanfaidh an Chomhairle Eorpach de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú agus déanfaidh sí an cheist a phlé arís dá réir agus cinntí a dhéanamh mar is iomchuí ag cruinniú mhí na Nollag ar a dhéanaí.

22. Ar deireadh, iarrann an Chomhairle Eorpach go mbeadh Comhdháil Iltaobhach ann maidir leis an Meánmhuir Thoir agus iarrann sí ar an Ardionadaí páirt a ghlacadh i gcainteanna faoi eagrú na Comhdhála sin. Ní mór modúlachtaí amhail rannpháirtíocht, raon feidhme agus amlíne a chomhaontú leis na páirtithe uile lena mbaineann. Le linn na Comhdhála, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil réitigh iltaobhacha ag teastáil ina leith, lena n-áirítear teorannú muirí, an tslándáil, an fuinneamh, an imirce agus an comhar eacnamaíoch.

***An tSín***

23. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an tuarascáil ó bhéal a fuarthas maidir leis an gcruinniú a bhí ag Ceannairí an Aontais leis an Uachtarán Xi Jinping an 14 Meán Fómhair agus síniú an Chomhaontaithe maidir le Tásca Geografacha. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór an caidreamh eacnamaíoch a thabhairt chun athchothromais agus an chómhalartacht a bhaint amach. Meabhraítear di an sprioc go gcuirfí bailchríoch faoi dheireadh na bliana seo ar Chomhaontú Cuimsitheach Infheistíochta (CAI) uaillmhianach idir an tAontas agus an tSín a thabharfaidh aghaidh ar na neamhshiméadrachtaí a ghabhann, i láthair na huaire, le rochtain ar an margadh, a chuirfidh le cothrom na Féinne a bheith á fháil ag cách, agus a bhunóidh gealltanais fhóinteacha maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe. Ina theannta sin, iarrann sí ar an tSín na gealltanais a thug sí cheana a chomhlíonadh maidir le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar an margadh, dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le ceist na ró-acmhainneachta agus páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht atá ar bun faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le fóirdheontais thionsclaíocha.

24. Molann an Chomhairle Eorpach don tSín níos mó freagrachta a ghlacadh uirthi féin agus í ag déileáil le dúshláin dhomhanda. Áirítear leis sin, go háirithe, gníomhaíocht aeráide níos uaillmhianaí a shaothrú i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras agus i dtaobh na bithéagsúlachta, agus tacú le freagairtí iltaobhacha ar phaindéim COVID-19, go háirithe maidir le cóireálacha agus vacsaíní, leis an athbhreithniú neamhspleách ar an bhfreagairt idirnáisiúnta sláinte, agus le faoiseamh ó fhiachas mar choinníoll riachtanach chun teacht ón bpaindéim, go háirithe san Afraic. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach – mar chéim thábhachtach sa treo ceart – an ráiteas a rinne an tUachtarán Xi Jinping, tar éis fhíschomhdháil na gCeannairí, go bhféachfadh an tSín leis an gcarbón-neodracht a bhaint amach faoi 2060.

25. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur mór an chúis imní di mar atá cearta an duine sa tSín, lena n-áirítear a bhfuil ag tarlú i Hong Cong agus mar a chaitear le daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, imní a cuireadh in iúl ag an gcruinniú mullaigh a bhí idir an tAontas agus an tSín i mí an Mheithimh agus ag cruinniú na gCeannairí an 14 Meán Fómhair.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an cur chuige beartais atá i réim i leith an chaidrimh idir an tAontas agus an tSín mar a leagtar amach é sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí *EU-China: A Strategic Outlook* [AE-an tSín - Dearcadh Straitéiseach], mí an Mhárta 2019, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí comhleanúnacha chun é a chur chun feidhme. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí tuarascáil dul chun cinn a thíolacadh faoi mhí an Mhárta 2021. Is fada léi an cruinniú a bheidh ag comhaltaí uile na Comhairle leis an Uachtarán Xi Jinping in 2021.

***An Bhealarúis***

27. Cáineann an Chomhairle Eorpach an foréigean doghlactha a d'imir údaráis na Bealarúise ar agóideoirí síochánta, agus cáineann sí an t-imeaglú agus an ghabháil agus an choinneáil threallach a lean toghchán na huachtaránachta, toghchán nach n-aithníonn sí a thoradh. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go hiomlán le ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise a hUachtarán a thoghadh trí shaorthoghcháin chóra nua, gan cur isteach ón taobh amuigh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar údaráis na Bealarúise deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gcos ar bolg, gach cime agus príosúnach polaitiúil a shaoradh, saoirse na meán agus an tsochaí shibhialta a urramú, agus tús a chur le hidirphlé cuimsitheach náisiúnta. Aontaíonn sí gur cheart bearta sriantacha a fhorchur agus iarrann sí ar an gComhairle an cinneadh sin a ghlacadh gan mhoill. Ina theannta sin, molann an Chomhairle Eorpach don Choimisiún Eorpach plean cuimsitheach a ullmhú chun tacaíocht eacnamaíoch a thabhair don Bhealarúis dhaonlathach.

28. Maidir le Stáisiún Núicléach Ostrovets na Bealarúise, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé an tsábháilteacht núicléach agus chomhshaoil a áirithiú.

***Coimhlint Nagarna-Carabaic***

29. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí deireadh láithreach leis an gcogaíocht atá ar bun agus tathantaíonn sí ar na páirtithe a bhfocal a thabhairt arís maidir le sos marthanach comhraic agus réiteach síochánta na coinbhleachta. Níl aon ghlacadh aici lena bhfuil ag fáil bháis de bharr na coinbhleachta ná leis an lorg atáthar a fhágáil ar an bpobal sibhialta. Ní le lámh láidir, ná le haon chur isteach seachtrach, a réiteofar an choinbhleacht. Ní mór don Asarbaiseáin agus don Airméin dul i mbun caibidlíocht shubstaintiúil gan réamhchoinníollacha. Is mian leis an gComhairle Eorpach a tacaíocht a chur in iúl do Chomhchathaoirligh Ghrúpa ESCE Mhionsc agus iarrann sí ar an Ardionadaí féachaint an bhféadfadh an tAontas breis tacaíochta a thabhairt don phróiseas socraíochta.

***Alexei Navalny***

30. Cáineann an Chomhairle Eorpach an iarracht a rinneadh Alexei Navalny a fheallmharú leis an néar-oibreán ceimiceach míleata den chineál "Novichok". Is tromchúiseach go deo an sárú ar an dlí idirnáisiúnta airm cheimiceacha a úsáid. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na húdaráis i gCónaidhm na Rúise comhoibriú go huile agus go hiomlán leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW) chun go ndéanfar imscrúdú neamhchlaon idirnáisiúnta ar an scéal, agus iad siúd atá freagrach a thabhairt faoi chuing an cheartais. Pléifidh an Chomhairle Eorpach an cheist seo arís an 15-16 Deireadh Fómhair 2020.